

Todhchaí Chliste: Ag obair sa Teicneolaíocht

Cad iad na scileanna atá ag teastáil?
Cad iad na conairí gairme?
Cad iad na hábhair ar chóir dom
staidéar a dhéanamh orthu?

AN RAIBH A FHIOS AGAT?

Tá ceannairí domhanda i réimse na néalríomhaireachta, ar nós EMC, Citrix agus Dropbox, lonnaithe in Éirinn

Clár is ea Todhchaí Chliste atá a reáchtáil ag an rialtas agus an lucht tionsclaíochta faoina dtugtar an deis do dhaltaí meánscoile in Éirinn dul i gcomhairle, gan costas ar bith, le daoine atá ina n-eiseamláirí san eolaíocht, sa teicneolaíocht, san innealtóireacht agus sa mhatamaitic (na hábhair STEM).

Ní furasta an rud é coinneáil suas leis na conairí gairme go léir sna hábhair STEM. Is réimse é a bhíonn seasta ag athrú, a bhfuil a lán bealaí éagsúla isteach chuige agus ina bhfuil éileamh ard ar chéimithe. Cibé an bhfuil siad ag dearadh cluichí físeáin nó feistí leighis, ag obair ar eolaíocht an bhia agus ar chúrsaí spóirt, agus fiú ag tabhairt beatha daoine slán trí thairgí ar an aille, teastaíonn léargas ceart ó dhaltaí ar an éagsúlacht mhór deiseanna gairme spreagúla sna hábhair STEM in Éirinn.

Faoi chlár na Todhchaí Cliste, cuirtear cainteanna gairme saor in aisce ar fáil do gach meánscoil in Éirinn ionas go mbeidh an deis ag na daltaí ceisteanna praiticiúla a chur faoina bheith ag obair sna hábhair STEM agus na steiréitíopaí a chur uathu.

Is féidir le múinteoirí, treoirchomhairleoirí, comhordaitheoirí idirbhliana srl. clárú tríd an rannóg **Acmhainní** ar www.SmartFutures.ie agus cainteanna gairme a iarraidh tráth ar bith den bhliain. Is iondúil go dtógann na cainteanna 40 nóiméad, agus is i do sheomra ranga féin a bhíonn siad.

Is iontach an deis iad na cainteanna sin chun na daltaí a spreagadh ionas go smaoinoidh siad as an nua faoi conas a gcuid ábhar scoile a roghnú, faoin saol i ndiaidh na scoile agus faoi réiteach do phoist na todhchaí!

Ar mhaith leat cuireadh a thabhairt d'oibrí deonach STEM a bheith i láthair ag tráthnónta na dtuismitheoirí?

Tabhair cuairt ar www.SmartFutures.ie chun breis is 100 scéal gairme STEM a léamh, féachaint ar fhíseáin, agus póstaer agus grafaic faisnéise faoi ghairmeacha a íoslódáil.

Tá Clár na Todhchaí Cliste á bhainistiú ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann i gcomhpháirtíocht le hinnealtóirí Éireann.

Ag Forbairt Aipeanna

Tá éileamh níos mó anois ná mar a bhí riamh ar aipeanna fóin póca, ach ní furasta a theacht ar na forbróirí oilte ar féidir leo iad a dhearadh. Scríobhann forbróirí feidhmchláir i dteangacha éagsúla ríomhchlárúcháin, ar nós Objective C, C++ nó Java. Tá cúig phríomhardán móibíleacha i réim faoi láthair, agus tá a theanga agus a chuid gnáthamh forbartha féin ag gach ceann. Bíonn na fóin chliste agus na táibléid seasta ag dul i bhfeidhm ar an gcaoi a mbíonn daoine i mbun cumarsáide, ag siopadóireacht agus ag rochtain eolais, agus ní mór d'fhorbróirí dul in oiriúint dóibh go tapa agus smaointe cruthaitheacha a chothú!

Féach freisin ar: Innealtóireacht Bogearraí, Ríomhchlárú, Ríomheolaíocht, Córais Teicneolaíochta Faisnéise

Cad atá i gceist leis an bpost?

- Líofacht i dteangacha ríomhchlárúcháin cosúil le Java, Objective-C agus C++
- Aipeanna a chódú, a thástáil agus a dhífhabhtú
- Eolas ar na córais oibriúcháin Android/iOS
- Úsáid a bhaint as feidhmchláir ghréasáin atá ann faoi láthair

Cad iad na scileanna atá ag teastáil?

- Teangacha ríomhaireachta agus códú
- Scileanna matamaitice
- Cumas i dtaobh dearthóireachta
- Aird ar na mionsonraí
- Réiteach fadhbanna

Fostóirí samplacha

- Cuideachtaí a fhorbraíonn aipeanna Android agus iOS
- Cuideachtaí bogearraí agus cuideachtaí seirbhísí airgeadais
- Féinfhostaíocht / Gnólachtaí nua-thionscanta

Cáilíochtaí samplacha

Is iondúil go dteastaíonn cáilíocht sa ríomheolaíocht, san innealtóireacht bogearraí, i gcórais faisnéise, sa ghnó/bainistíocht nó san fhisic/mata/eolaíocht fheidhmeach. Nó d'fhéadfaí tabhairt faoin ngairm trí theastas nó dioplóma iar-Ardteistiméireachta sa ríomhaireacht ghinearálta/TF. Tá a lán acmhainní ar líne freisin trínar féidir tacú leis an bhfoghlaim.

AN RAIBH A FHIOS AGAT?

Is in Éirinn atá cuid de na hacmhainní gaoithe agus tonnta is fearr ar domhan, rud a fhágann go bhfuil sí ina láthair den scoth i dtaobh taighde agus tástála maidir le teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite a fhorbairt

Ag obair i Slándáil na Teicneolaíochta Faisnéise

Baintear leas as teicníc na cibearshlándála chun ríomhairí agus líonraí a chosaint ó ionradh agus ó ionsaithe coiriúla. Bíonn cibearionsaithe seasta ag bagairt ar roinnt de na gnólaicteá is mó ar domhan, mar aon le bainc agus rialtais, agus dá bhrí sin tá an-tóir ar speisialtóirí slándála TF – daoine atá oile agus a bhfuil cáilíochtaí acu – ar fud na cruinne.

Féach freisin ar: Innealtóireacht Líonraí, Speisialtóirí i ndáil le Slándáil Bhogearraí, Haiceáil Eiticiúil

Cad atá i gceist leis an bpost?

- Prótacaíl slándála a chur i bhfeidhm ag céimeanna forbartha na gcóras bogearraí, na líonraí agus na n-ionad sonraí
- Leochaileacht agus rioscaí a chuardach i gcrua-earraí agus i mbogearraí
- A bheith seasta ag faire amach i gcomhair ionraidh agus ionsánna
- A fháil amach cé atá ina mbun agus dul i gcomhairle leis na húdaráis más gá

AN RAIBH A FHIOS AGAT?

Tá 9 gcinn as 10 bpríomhchuideachta bogearraí an domhain lonnaithe in Éirinn, agus Microsoft, Google, Apple agus Facebook ina measc

Cad iad na scileanna atá ag teastáil?

- Scileanna maithe TF agus eolas ar chrua-earraí, bogearraí agus líonraí
- Loighic agus réasúnaíocht chun na láidreachtaí/laigí atá ag córais TF a aithint
- Sárscileanna anailíseacha agus aird ar na mionsonraí
- Tuiscint ar an gcaoi a n-oibríonn haiceálaithe agus cibearchoirpigh

Fostóirí samplacha

- Soláthraithe líonra
- Bainc
- Aerlínte
- Gníomhaireachtaí rialtais
- Cuideachtaí teicneolaíochta
- Miondióltoirí ar líne

Cáilíochtaí samplacha

Is minic go dtugtar aghaidh ar an bpost tar éis céim a bhaint amach i réimse na slándála TF, sa ríomhchlárúchán, sa ríomheolaíocht, san eolaíocht faisnéise nó san innealtóireacht ríomhairí/bogearraí. Nó d'fhéadfaí tabhairt faoin ngairm trí theastas nó dioplóma iar-Ardteistiméireachta sa ríomhaireacht ghinearálta/TF agus trí phrintíseachtaí ábhartha.

Ag obair sa Bhitheicneolaíocht / i dTeicneolaíocht an Leighis

Is éard atá i gceist leis an mBitheicneolaíocht ná ionramháil a dhéanamh ar phróisis bith-eolaíochta chun críocha tionsclaíochta agus críocha eile, mar shampla ionramháil ghéiniteach a dhéanamh ar mhicrea-orgánaigh chun antaibheathaigh, hormóin srl. a tháirgeadh. Cruthaíonn na teicneolaíochtaí leighis teicneolaíochtaí trína ndéantar táirgí leictreacha so-ionchlannaithe a dheardh agus a mhonarú, cosúil le croíthe saorga agus steintíní cardashoithíochta, chomh maith le lionsaí teagmhála, bogearraí leighis agus tuilleadh fós.

Féach freisin ar: Innealtóireacht Bithleighis, Gnóthaí Rialála, Innealtóireacht Próiseas, Diagnóisic

Cad atá i gceist leis an bpost?

- Staidéar a dhéanamh ar na saintréithe géiniteacha, ceimiceacha agus fisiciúla atá ag cealla, fíocháin agus orgánaigh
- A bheith ag obair ionas gur fearr is féidir galair a dhiagnóisiú, a chosc, monatóireacht a dhéanamh orthu agus cóireáil a chur ina gcoinne
- A bheith ag obair le teicneoirí saotharlainne ar thorthaí taighde agus ag déanamh anailís ar thorthaí
- Gnáthaimh nua taighde a fhorbairt agus fréamhshamhaltú a dhéanamh ar theicneolaíochtaí nua

Cad iad na scileanna atá ag teastáil?

- Réiteach fadhbanna casta
- Obair foirne agus scileanna cumarsáide
- Scileanna imscrúdaithe
- Spéis sa bhitheolaíocht agus sa teicneolaíocht

Fostóirí samplacha

- Cuideachtaí teicneolaíochta leighis
- Cuideachtaí cógaisíochta
- Gníomhaireachtaí taighde/talmhaíochta
- Comhlachtaí rialála

Cáilíochtaí samplacha

De ghnáth teastaíonn céim bhaitisiléara sa bhitheicneolaíocht. Is féidir le mic léinn teastas nó dioplóma a bhaint amach san eolaíocht ghinearálta, sula dtabharfaidh siad faoi chéim sa bhitheicneolaíocht. Ábhair úsáideacha eile is ea an bhithcheimic, an mhicribhitheolaíocht agus eolaíochtaí na cógaisíochta. Nó d'fhéadfaí tabhairt faoin ngairm trí theastas nó dioplóma iar-Ardteistiméireachta sa ríomhaireacht ghinearálta/TF nó trí phrintíseachtaí i dteicneolaíocht an leighis.

Féach ar chonairí gairme eile cosúil leo seo sna hábhair STEM ag www.SmartFutures.ie

Na chéad chéimeanna eile?

Tá roinnt samplaí de na gairmeacha STEM feicthe agat anois, ach tá an oiread sin díobh le hiniúchadh fós! Ón nanaitheicneolaíocht go dtí forbairt cluichí, róbataic, intleacht shaorga agus fiú an spástaicsealaíocht, osclaíonn an mhatamaitic an doras chuig a lán deiseanna gairme a bhfuil an-sásamh le baint astu, chun feabhas a chur ar an saol agus ar an domhan ina mairimid.

Ag smaoineamh ar #STEMcareers? Bain amach mian do chroí agus #DoWhatYouLove!

Cé leis nó léi is féidir liom labhairt?

Sula roghnóidh tú do chuid ábhar scoile, do chúrsaí CAO nó do chúrsa iar-Ardteistiméireachta, iarr ar do mhúinteoir, do threoirchomhairleoir nó do chomhordaitheoir idirbhliana clárú ar www.SmartFutures.ie le haghaidh cainteanna SAOR IN AISCE faoi ghairmeacha. Is féidir le daoine atá ag gabháil do ghairmeacha STEM cuairt a thabhairt ar do rang agus ceisteanna uait a fhreagairt. Tá breis is 100 sampla de scéalta gairme STEM, físeáin agus a lán eile ar an láithreán gréasáin freisin!

Conas is féidir liom a bheith páirteach ann?

Tá na céadta imeachtaí agus gníomhaíochtaí STEM ar siúl timpeall na tíre agus iad saor in aisce. Seo cúpla sampla:

- ScienceWeek.ie (Samhain)
- EngineersWeek.ie (Márta)
- SpaceWeek.ie
- SciFest.ie
- MathsWeek.ie (Deireadh Fómhair)
- TechWeek.ie (Aibreán)
- CoderDojo.com
- GirlsHackIreland.org

Tuilleadh acmhainní?

Looking for information on PLCs, apprenticeships, course points or subject requirements? Visit:

www.CareersPortal.ie
www.CareersNews.ie
www.Qualifax.ie
www.Collegeaware.ie

www.GradIreland.ie
www.pllccourses.ie
<http://FIT.ie>
www.STEPS.ie

AN RAIBH A FHIOS AGAT?

Tá an-dóchas ag 84% de na mic léinn STEM ar an tríú leibhéal go bhfaighidh siad post a thaitneoidh leo tar éis dóibh an coláiste a fhágáil.

SMART FUTURES

Science Foundation Ireland For what's next

STEPS ENGINEERS IRELAND